Deireadh ag teacht le Cóisirí Nollag?

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball ar a laghad cóisirí a bheidh ar siúl an Nollaig seo ar fud na tíre. Sula bhféachann tú ar an tuairisc déan na ceisteanna seo a phlé leis an duine in aice leat nó an grúpa in aice leat.

An maith leatsa an Nollaig?
Cén cineál mothúchán a mhúsclaíonn an Nollaig ionat?
An mbeidh cóisir Nollag agat féin i mbliana?

Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois uair amháin, déan féin agus an duine in aice leat iarracht na téarmaí Gaeilge a aimsiú do na téarmaí seo a leanas.

businesses: _____
economic recession: _____
effect: _____
employers: _____
deserved: _____
too tight: _____
the opposite: _____
laid off: _____
organizing: _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus freagair na ceisteanna seo thíos:

1. Cén dream nach mbeidh cóisir na Nollag ag a bhformhór acu?

2. Cén chúis atá leis seo?

3. Cén cineál comhlachta é *Peninsula Ireland*?

4. Luaigh dhá rud a deirtear faoi fhostóirí na Gaillimhe?

Ceist 4 ‘*gnólachtaí, cóisirí, fostóirí, comhlachtaí*

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail atá i gcló Iodálach thuas?

(b) An lagiolraí nó tréaniolraí iad’?

(c) Cuir na samplaí seo san uimhir iolra agus abair an lagiolraí nó tréaniolraí iad

Lámh
Samhradh
Fear
Cathaoir
Bád
Peann
Cailín
Bróg

Ceist 5

'*níos flaithiúla'*
Céard a thugtar ar an ngné sin den ghramadach?

Cuir 'Níos' roimh na samplaí seo thíos

Glan
Deas
Maith
Dona
Mór
Beag

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén bronntanas Nollag ab fhearr a fuair tú riamh?
An gceapann tusa go bhfuil an iomarca béime ar rudaí a dhíol agus a cheannach aimsir na Nollag seachas breith Chríost?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Ceist 2

businesses: gnólachtaí
economic recession: lagtrá eacnamaíochta/cúlú eacnamaíochta
effect: tionchar
employers: fostóirí
deserved: tuillte
too tight: róchúng
the opposite: a mhalairt
let go: scaoileadh leo
Organizing: á reachtáil

Ceist 3

1. Ní bheidh cóisir Nollag le suas le 80% de chomhlachtaí.
2. An lagtrá eacnamaíochta is cúis leis.
3. Is comhlacht comhairleoireachta é.
4. Tá siad níos flaithiúla ná fostóirí eile ar fud na tíre agus tá 80% de na fostóirí ar labhair TG4 leo ag pleanáil chun cóisir Nollag a reachtáil

Ceist 4

.

(a) Ainmfhocal san uimhir iolra, Is tréaniolraí iad

(b) Is lagiolra é aon fhocal san iolra:

a chríochnaíonn ar chonsan caol: fir, báid, pinn, leathanaigh, crainn etc.

a gcuirtear **a** (agus **a** amháin!) leis chun an uimhir iolra a dhéanamh:

cos-cosa; bileog-bileoga; lámh-lámha; duilleog-duilleoga

Ní lagiolraí iad cinn mar *cathaoireacha*, *traenacha* etc mar tá níos mó ná **a** á gcur leo san iolra i.e. is **–eacha** nó **–acha** atá á gcur leo. Chun gur lagiolra a bheadh i gceist ní chuirtear leis ach **a** amháin.

Cén rud é tréaniolra?

Is tréaniolra é aon iolra eile.

(c)
lámha (lag)
Samhraí (tréan)
Fir(lag)
Cathaoireacha (tréan)

Báid (lag)
Pinn(lag)
Cailíní(tréan)
Bróga(lag)

Ceist 5

Breischéim na haidiachta:
Glaine
Deise
Fearr
Measa
Mó
Lú

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Léiríonn an suirbhé náisiúnta nach mbeidh cóisir Nollag ag suas le 80% de ghnólachtaí i mbliana de bharr an lagtrá eacnamaíochta, ach tá a mhalairt scéil i gCathair agus i gContae na Gaillimhe mar a fuair Maire Treasa Ní Cheallaigh amach.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Ta tionchar fágtha ag an lagtrá eacnamaíochta ar chóisirí is cosúil, de réir suirbhé náisiúnta a rinne comhlacht comhairleoireachta, Peninsula Ireland le déanaí agus inár ceistíodh* os cionn dhá mhíle fostóir deir ann is 80% de chomhlachtaí a cuireadh ceist orthu nach mbeidh cóisirí á reachtáil acu an Nollaig seo in iarracht airgead a shábháil.

Is léir go bhfuil fostóirí na Gaillimhe níos flaithiúla ná fostóirí eile ar fud na tíre. De réir suirbhé a rinne An Nuacht inniu tá os cionn 80% de na fostóirí ar labhair muide leo ag pleanáil chun cóisir Nollag a reachtáil. Deir siad go raibh sé tuillte ag a gcuid fostaithe agus go gcuireann sé le cairdeas** i measc a gcuid oibrithe. Deir na comhlachtaí nach mbeidh cóisir acu go raibh a mbuiséad róchúng nó go rabhadar tar éis scaoileadh le roinnt oibrithe agus nach mbeadh sé ceart cóisir a reachtáil. Ta teach tábhairne amháin i gCathair na Gaillimhe ag eagrú cóisir do dhaoine nach mbeidh aon chóisir acu i mbliana.

Feargal Ó Murchú-The Kingshead
Níl aon fháth d'aon ghnó i nGaillimh an chóisir Nollag a chur ar ceal, beidh Santa anseo, beidh féasta mór, beidh deochanna, beidh bia agus rudaí mar sin. Freisin ar an oíche beidh muid ag bailiú airgid i gcomhar "Cope" agus tar éis gach rud, ceapaimse go mbeidh Gaillimh in ann an *session* a chur ar ais i "*Recession*".

Is cosúil mar sin nach ligfidh Gaillimh don lagtrá eacnamaíochta stop a chur le cáil na Cathrach mar Chathair spórtúil shóisialta. Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4, i nGaillimh.

*ceistníodh a deirtear
**cairdeachas a deirtear